

AN GHLAS GHAIBHLEANN

3

Bhí na fir seo i n-Éirinn in aimsir na Craoibhe Ruaidhe. Diarmuid an Chinn Bhearrtha, Goll mhac Cinn Mhórna, Goill mac Morna, mac Smir, mac Smóil, Céadach óg, Rí an Domhain, Seacht mac a bhí ag Niall an nGiolla Dall,

Carbhad an Chútáis

Réalta bun Sorcha, Corrach na gCéadta

Caol an Iarainn

Dá réag mac Rí Spáinne

Ball donn mhic Cinn

Orctall tréan na sgeanna breaca a rinne an gaisge i mbéal na trágha. Mac Gréine, Mac Dara, agus Mac Folóin, Conán maol mallachta fear meathta na hÉireann nach ndeachaidh amach gan a phócaí a bheith lán de cruadháin clocha Fionn mac Cumhail

4

Mac Airt, Gaibhleann Gabha, Manannán agus Balor Béamannach. Tosóchamuid ag cur síos ar an gceathrar deireannach seo mar ba ceathrar dreathár a bhí ionnta, mac Airt, Gabhleann Gabha Manannán agus an Balor Béamannach. Nuair a bhí a n-athair ag fághail bháis roinn sé a shaidhbhreas eatortha. Bhí bó aige agus dá mbeadhthá ghá bleaghan ó d'éireochadh grian go dtéidheadh sí i dtalamh bhéadh an sruth deireannach chomh laidir leis an gcéad tsruth. Bó draoidheachta a bhí innte agus ba í a hainm an Ghlas Ghaibhleann. Chaith siad crainnte uirthi agus thuit sí ar an nGaibhleann Gabha. Ins an am sin bhí buarach agus galún ag imtheacht le chuile bhó bhainne agus ní raibh aon sásadh ina cinn ná aon choinneáilt uirthi muna mbéadh sí ins an áit a raibh an bhuarach agus an galún.

5

Bhí triúr mac ag mac Airt, Uachtar mac Airt, lochtar mac Airt, Céin mac Airt. Bhíodh siad ag fiadhach is ag fionnsgaradh ar fud coillte is sléibhte ar feadh an lae. Bhí an oiread fiadhach ag Céin de bharr an lae agus bhíodh ag an mbeirt eile. Nuair a théidheadh siad ag bualadh báire thiubhradh sé an liathróid ón mbeirt acu bhí meas agus grá mór ag an athair dó agus bhí éad ag na dreatháracha leis mar geall air sin. Ba Gabha geal a bhí ins an nGaibhleann Gabha a bhíodh ag déanamh claimhí, sgéatha ráipéir agus níthí eile a d'fheil do shaighdiúir agus do ghaisgidheach. Manannán, séard a bhí ann draoidheadóir agus bhíodh na daoine a rádh gurbh iad draoidheacht Mhanannáin, Neart Goill, Fios Fhinn, agus buadh Chonáin a sheasadh do na Fianaibh in aimsir gáibh

6

Séard a bhí san mBalor Béamannach fíor dhroch-dhuine. Ní raibh droch-bheart ar bith ag dul ó dheanamh air agus chuir na Fianaibh díbirt air as Éirinn. Cuaidh sé go hAlbain, go Sasana, don Fhrainc, agus don Spáin agus ar fud na hEorpa. Bhí chuile dhuine ag chuir díbirt air uaidh féin nó go ndeachadh sé san Tuircéis. D'abróchadh na daoine le droch-dhuine go raibh croidhe aige chomh cruaidh le Turcach. Thóig na Turcaigh isteach é mar gheall ar a dhroch-chroidhe. Thugadar inghean an Rí le pósadh dó agus rinne siad rí de léis báis an tseanrí. Nuair a bhí sé ag imtheacht as Éirinn ghoid sé an bhuarach is an galún ag imtheacht dó agus ní raibh aon sásadh ag an nGaibhleann Gabha sa nGlas Gaibhleann. Ní raibh aon bhealach le n-a coinneail ach í a cheangal d'inneoin cheardchan, nó fear a bheadh i ngreim téadáin nuair a bhíodh sí ag fosaidheacht.

7

Fágfamuid an Balor Béimeannach insa Tuircéis agus tiocfamuid ar ais go h-Éirinn nó go gcuirimid síos ar clan mhac Airt. Dubhairt Artúr le na athair go racadh sé chomh fada leis an nGaibhleann Gabha i mbárach go ndéanadh sé claimha dó. Ní miste liom arsa an t-athair, tá tú in aois clamha a iomchur. Chuaidh agus thug sé ordú don Gaibhleann Gabha claimhe a dhéanamh dó. "Téirigh amach" ars an Gaibhleann Gabha, "agus léigh an cárta sin atá os cionn an doruis." Ar an gcárta bhí sé sgríobhtha duine ar bith a leigfheadh an Ghlas Ghaibhleann ar fán go gcaithfeadh dul ar a tuairisg, a cheann a chailleadh leithe nó í a thabhairt ar ais. Chuaidh sé amach, sgaoil sé an bhó agus thug sé ar féarach í.

8

Nuair a bhí a sháith ithte aice thug sé ar ais í cheangail sé don inneoin cheardchan í agus chuaidh sé isteach sa gceardcha. "Cheangail tú an bhó," ars an Gabhleann Gabha. "Téirigh amach sa doras agus innseocha do dhá shuíl féin duit go bhfuil sí ceangailte" ar Artúr. Fuair sé an claimhe agus ní thiubhradh sí comhlúadar don bheirt dreathár eile a bhí ag fanacht leis sa gceardcha nuair nach raibh claimhe aca féin. Dubhairt Íoctar mac Airt le n-a athair nuair a tháinig sé abhaile go ngabhfaidh sé féin i mbárach go dtí an Gabhleann Gabha go ndéanadh sé claimhe dó. Ní miste liom arsa an t-athair agus chuaidh sé go dtí an Gabhleann Gabha agus thug sé ordú dó claimhe a dhéanamh dó. Sgaoil sé an bhó agus thug sé ar féarach í.

9

Nuair a bhí a sháith ithte aice thug sé ar ais í agus cheangail sé don inneoin ceardcha í agus chuaidh sé isteach sa gceardcha. "Ar cheangail tú an bhó" ars an Gaibhleann Gabha. "Téirigh amach sa doras agus innseocha do dhá shuíl féin duit go bhfuil sí ceangailte." Fuair sé an claidheamh agus ní choinneadh sé comhlúadar den bheirt dearbháthar eile a bhí ag fanacht leis sa gceardcha nuair nach raibh claimhe aca fein. Dubhairt Íochtar mac Airt tar le n-a athair nuair a tháinig sé abhaile go ngabhfaidh sé féin mbárach go dtí an Gaibhleann Gabha go ndéanamh sé claimhe dó. "Ní miste liom" ars an t-athair agus chuaidh sé go dtí an Gaibhleann Gabha.

10

Thug sé ordú dó claidheamh a dhéanamh dó. Sgaoil sé an bhó agus thug sé ar féarach í. Nuair a bhí an claimhe réidh bhí a bheirt dearbhráthar ag fanacht leis sa gceardcha. Cheangail

sé an bhó agus tháinig sé isteach. Ar cheangail tú an bhó ars an Gaibhleann Gabha. "Seas sa doras agus innseocha do dhá shúil féin duit go bhfuil sí ceangailte." Fuair sé an claidheamh agus ní thiubhradh an bheirt a raibh na claidhimhte aca comhluadar do Chian, nuair nach raibh claidheamh aige féin. "Ba chóirtha duit-se bheith sa gcliabhán a Chéin" ar siad na a bheith i gcomhluadar gaisgidheach mar muide. Chuir sé sin fearg agus brón mór ar Chian mar b'fhearr an fear é ná an bheirt aca.

11

Nuair a tháinig sé abhaile dubhairt sé le n-a athair go ngabhfadh sé i mbárach go ngeobhfadh sé claidheamh déanta dó fein. "Glac t-am a Chéin" ars an t-athair. "Tá tú óg fós, is nuair a thioctas t-aois gheobhfaidh mise claidheamh déanta duit. Ní fhéadaim seasamh le mo dearbhráthracha, tá siad ag magadh fúm nuair nach bhfuil claidheamh agam." "Má tá tú ag imtheacht a Chéin, fainic nach ort a bhéadh tóraidheacht na Glas Gaibhleann" ars an t-athair. D'imthigh sé chun na ceardchan. Thug sé ordú don Gabha claidheamh a dhéanamh dó. "Téirigh amach" ars an Gaibhleann Gabha leis, agus léigh an cárta atá, ós cionn an doruis. Chuaidh. Sgaoil sé an bhó agus thug sé ar fearach í. Nuair a tháinig sé ar ais bhí an bheirt dearbhráthar sa gceardcha roimhe.

12

Dubhairt an Gabhleann Gabhla nuair a bhuail sé an buaille deireannach ar an gclaidheamh, "sin é an claidheamh is mó buadh a rinne mise ariamh." "Tabhair dhom-sa é," arsa Uachtar Mhac Airt, agus tiubhraidh mé mo chclaidheamh féin duit ina áit." "Ná déan ach tabhair dhom-sa é," arsa Íochtar mac Airt. Bhí Cian ag dul thar an doras san am seo, nuair a chuala sé an cainnt rith sé isteach agus dubhairt sé, "tabhair dhom féin é." Ar cheangail tú an bhó?" ars an Gabhleann Gabha. "Níor cheanglaigheas." "Téirigh amach anois" arsa an Gaibhleann Gabha agus ceangail í. Chuaidh agus ní raibh an bhó le fághailt. "Seo dhuit do claidheamh" ar seisean "agus tá faitchíos orm go dteastóchaidh sé uait, mar caithfidh tú an bhó a thabhairt ar ais nó do cheann a chailleadh mar gheall uirthi."

13

Chuaidh an triúr dearbhráthar abhaile, beirt aca ag déanamh gaisge agus brón mór ar Chian. "Seadh a mhic" arsa an t-athair, "dubhairt mise leat, gurbh ort a bheadh tóraidheacht na Glas Gaibhleann. D'éirigh sé go moch meadhon-shoillseach lá ar n-a bhárach. Dubhairt sé thráth agus d'íth sé a bhriceasta. Chuaidh sé go dtí uaigh a mháthair, d'ísligh sé anuas agus leig sé trí dheora fola os cionn a fuaigh. Ghléas air a chulaidh ghaisge airm agus comh-chomhraic, a sheacht bocht bándearg, a dhúdán fada síoda síos go dtí na sála, a bhríste de chraiceann eascoiní go pluc a dhá mhása. Tharraing sé amach a claidheamh deilíneach dealaineach sáithte táithte béal-leathan a raibh faobhar os cionn faobhar air, faobhar chun sáithte, faobhar chun gearrtha, agus an treas faobhar dhá chur isteach taobh na láimhe deise dhá thabhairt amach taobh na láimhe clí, cur i gceart gurbh é briathar de na briathra crainn seasta na gcéadta, fear nach gcloidhfidhe agus nach gcaithfidhe go ngabhfadh an díle thar an domhan ná annsin.

Chuaidh sé chun siubhail. Thiubhradh sé cnoc de choisméig agus gleann de thruslóg agus b'fhearr dó péire bonn faoi nó dhá phéire uachtar. Bhí sé ag imeacht mar sin nó go raibh diún agus deireadh an lae ag teannadh leis, an gearrán bán ag dul ar sgáth na copóige, an chopóg dhá cruinniú féin faoi chóir na h-oidhche agus an drúcht ag tuitim go mór ar na fuineoga. Bhreathnuigh sé a bhfad uaidh agus i ngar dó, súil is go bhfeicfeadh sé áit eicínteacht is go bhféadfadh sé an oidhche a leigint thairis. Chonnaic sé coill a bhfad uaidh. Thriall sé uirthi, súil is go mbeadh árus eicint innte. Tháinig sé suas leis an gcoill. D'ionntuigh sé taobh na láimhe deise. Casadh bóthar dó a thug isteach tríd an gcoill é. Chonnaic sé caisleán aobhinn álainn gan bun cleite isteach ná barr cleite amach ach chuile chleite ag déanamh fasga is dídin, go dtí an braon a thuitfeadh as an aer. Shuiffeadh sé anuas de sin mar shuiffeadh sé de dhruim gé. Tháinig gruagach luath láidir amach as an gcaisleán agus chuir sé céad míle fáilte roimh a mhac agus a dhalta. B'sheo é Manannán. Ba é a sheas le Cian mac Airt agus sin é an fáth ar thug sé mac agus dalta air.

16

"Ó" ar seisean, "creidim gurbh í an Glas Gaibhleann a thug an bealach seo thú is da mbéadh fios am-sa gur tusa a bheadh ar a tuairisg b'fhurasta dom í a stopadh dhul an bealach seo trathnóna indé." Chuadar isteach chun an caisleáin. Chaith siad an oidhche sin trian le fiannaidheacht, trian le sgéalaidheacht, trian le caitheamh togha bídh agus ollmhaitheasa. Chuadar amach ag spaisteoireacht roimh bricfeasta lár n-a bhárach. "A Chéin," ar seisean, "tá do sháith romhat ach déanfaidh mise mo dhícheall duit. Ná leig ort féin go bhfuil buaidhreadh ar bith ort ná faithíos. Labhair go dána leis an mBarla (Balor) Béimeannach agus abair leis an bhó a thabhairt duit. Abróchaidh sé nach dtiubhraidh. Tá dá nidh le déanamh agus abair tusa leis nach ngabhfaidh tú ar ais go bhfágaidh tú an bhó nó go gcaillidh tú an ceann.

17

"Abróchaidh seisean leat, 'baineadh an Gaibhleann Gabha díot é.' Ní le dhul ar ais a tháinig mé, adeir tusa. Tá dhá nídh le déanamh agat agus abróchaidh sé má gníonn tú iad go dtiubhraidh sé an bhó dhuit. Fiafróchaidh tú dé céard iad féin. Seithí na seacht mbliana a leasú le orlach de choinnil, an chéad nídh. Seo dhuit péire láimhinneacha duit agus cuir ort iad, agus chomh luath is leagas tú do láimh ortha tá siad leasuighthe. Fág neart fear freastail uaidh agus tusa ghá gcaitheamh uait agus béidh siad ina gcnoc indo mhullach sul dá mbeidh tú réidh. An dara nídh, bean agus trí fichid a rinneadh le coinnil, seo beilt duit. Cuir faoi do

lár í agus ní mór duit cruthú bheith i do bhuachaill maith.

18

"Tá inghean ag an mBarla Béimeannach agus níl aon mharbhú ina chionn go marbhuighidh mac a inghine féin é.

Tá túr déanta aige a bhfuil seacht stór ar airde ann agus tá an inghean ins an stór is airde aca. Níl aon duine le freastal a dhéanamh uirthi ach í féin agus téidheann sé trí huaire sa

tseachtain le biadh deoch agus leabhra agus nídhí eile aice. Seo fáinne dhuit agus nuair a bhreathnóchas tú tríd féadfaidh tú do rogha rud a dhéanadh díot féin.”

Chuaidh siad isteach. Fuair siad a mbricfeasta. Shiubhail siad síos an tráigh. Fuair Manannán cipín péine ag teacht i dtír ar bharr an uisge. Tharraing sé amach a sgian phínne agus rinne sé bad beag as. Chaith sé amach ar an uisge í agus rinne sí long luath láidir. D’fhága mac Airt slán agus beannacht ag Éire. D’éirigh sé go léim agus chuaidh sé ar bord luinge

19

D’árduigh sé suas a chuid seolta móra síoda bocóideacha bacóideacha go barra na gcrann. Níor fhága sé téad tíre gan tarraingt, maide gan briseadh, míolta beaga agus míolta móra na farraige thoir agus na farraige thiar ag teacht ar bos agus ar tos a mhaidí raimhe, róinte, míolta móra, bric bheaga na mbéal dearga ag déanamh ceoil sidhe agus aghaidh fidil dó gur threabh sé an fharraige ghlan fíor-dhomhan nar treabhadh cheanna ariamh agus nach dtreabhfar arís go bráth. Gainmhí íochtar na fairrge dá gcur ina huachtar agus gainmhí uachtar na trágha dá gcur dá gcur ina híochtar go raibh eascoiní a dhul í bpoll easclaí a chéile le neart crith agus faitchís. Thug sé trian siubhail agus dá dtrian seoil sí nó gur sgríob sé cuan agus caladh i dtír Lochlannach shul dá raibh sé ina árd tráthnóna. Shiubhail sé suas chun an chaisleáin.

20

Chonnaic an Marla (Balor) Béamannach é ag teacht. Shiubhail sé anuas roimhe. Chuir sé failte roimhe leis na briathra móra fuisgeannacha faisgeannacha a bhí acu san am sin (ní hiad atá againn anois) agus d’fhreagair sé an bheannacht mar is céadna. “An ar tuairisg na Glas Gaibhleann atá tú?” “Ní headh ach ina coinne” adubhairt mac Airt. “Níl sí le fágáil agat. Is fada mé fein ag fanacht léithe.”

“Caithfidh mé í fhágáil nó an ceann a chailleadh léithe.”

“Téirigh ar ais agus baineadh t-oncal díot é.”

“Ní dhéanfaidh mé cleas chomh cladrach sin.”

“Tá dhá nídh le déanamh agat agus má dhéanann tú iad tiubhraidh mé duit í. Sin seithí na seacht mbliana a leasú le ordlach de choinnil agus bean agus trí fichid a riar le ordlach de choinnil.”

“Agus má dhéanaim, an dtiubhraidh tú buarach agus an galún dom?”

21

Cheap sé nach mbeadh sé ina cinniúint iad a thabhairt agus dubhairt sé go dtiubhradh. “Is bocht an obair an atá agam le déanamh” arsa mac Airt “agus ní coir dom a bheith buidheach dom’ oncal a chuir an trioblóid seo orm mar geall ar sean-bhó.” Chuir sé air na láimhinneacha. Chuaidh sé ag obair agus bhíodar ina gcnoc ina mullach sul má bhí sé réidh. Tugadh sin aige trí fichead bean le riar. Chuir sé an bheilt faoi n-a lár agus bhí an obair déanta aige shul dar mhúch an t-ordlach de choinnil. Fág dom an bhó, an bhuarach is an galún anois,” ar seisean. “Ó, a bheitheannaigh, ní fhágfaidh tú an t-oileán go fóill le faithchíos

go mbeadh faice de do hiarlach clann ann mar b'fhéidir go mbeadh clann ag roinn de na mná seo agus níl oileán suimhneach a mbéadh aonduine de do hiarlach ann.

22

"Tiubhraidh mé aon bhord agus seomra duit liom féin go ceann ráithe."

"Níl mise ag iarraidh do sheomra ná do bhord. Tá mé indon béile mo bhéil a shaothrú."

D'fhága sé annsin é agus leig sé air féin go raibh fearg mór air leis. Chuaidh sé i ngar don áit a raibh an tor. Chuaidh sé é féin i bhfolach i dtom nó go bhfaca sé an fhuinneog dhá fosgailt san seomra a raibh inghean an Mharla Bhéamannaigh leis an ngaoth a leigint isteach.

Bhreathnuigh sé tríd an bhfáinne. Rinne sé éan de féin. Chuaidh sé isteach de sgiotán mar a bheadh seabhac ina dhiaidh. Dhún an bhean óg an fhuinneog. Bhí sé ag dhul d'eiltreogaí ar fud an t-seomra nó go ndeachaidh sé d'eiltreog isteach sa leabaidh. Chaith sise í fein isteach ina dhiaidh go mbéarfadh sí air. Rinne sé fear dé féin agus chuir sé clúidín uirthi.

23

D'fhan sé in éinfeacht léithe agus nuair a d'aireochadh siad an t-athair ag teacht dhéanadh sé éan de féin agus bhíodh sé ag feadhail agus ag portaidheacht dí. Nuair a bhí an t-athair ag teacht chuala sé an ceol breagh a bhí insa tor agus tháinig iongantas air. Nuair a d'fhosgail sé an doras d'fhiafruigh sé cén fáth é seo. "Ó, a athair, ar sise, tháinig éan deas isteach annseo agam indé. An bhfeiceann tú é ina sheasamh ar phosta na leabtha, tá ceol breagh aige. Tóigeann sé an brón mór atá ar mo chroidhe dhe agus tá mé ag iarraidh d'achuinne ort é a fhágáil agam." "Fágfad, go deimhin. Is beag liom de cumhlódar duit é." Bhí go maith, bhí siad mar sin nó go raibh na trí ráithe thuas. Bhí mac óg ag inghin Bhalor agus dubhairt Cian le Balor an bhó, an bhuarach agus an galún a thabhairt dó.

24

"Fan go gcruinneochaidh mé do chuid clainne duit," ar seisean. Seo í an bhó duit ach níl fios a'm a bhfuil an bhuarach agus an galún le fághailt againn mar tá siad sa tor san áit a bhfuil m'inghean agus ní móide go dtiubhraidh sí dúinn iad. Cuma liom-sa céard a dhéanfas tú féin nó t-ingean ach caithfidh tú do mhargadh a sheasamh liom-sa" adeir Cian. "Déanfaidh mé margadh leat go sgarfamuid amach dhá bhrat agus cé bí cén brat a gcaithfidhear an buarach is an galún air bíodh siad ag an duine ar leis an brat." "Ní miste liom" ar seisean. Chuaidh siad go dtí an tor. D'iarr sé ar an inghean an bhuarach is an galún a chaitheamh anuas agus pé bí brat a dtuitfeadh siad air go mba leis iad."

25

Chaith sí anuas iad agus chaith sí ar bhrat Chian iad. "Ó, a inghean" arsa Balor, "shíl mé gur ar mo bhrat-sa a chaithfeá iad, nó céard é sin atá déanta agat." "Ó a athair" ar sise, "ceal nach raibh fios agat go raibh urchar cam i láimh na mban?" "Ó muise, muna bhfuil go raibh!" Agus tá urchar cam i laimh na mban ó shoin. Chruinnigh Cian leis na páistí. Chuir sí isteach i mbrat iad agus chuir sí air a dhruim iad. Sé an sort bioráin a bhí aige sa mbrat dealg droighin. Bhí a mhac féin le inghin Bhalor ina aprún ar a thosach ag dul suas taobh an tsoithigh gur bhris an biorán agus an chlann a bhí ar a dhruim sa bhfairrge.

Buineann agus fireann mar bhíodar agus deir siad gurbh as tú sin a tháinig na róinte sa bhfairrge. Tháinig sé slán ar ais go hÉirinn é féin is a mhac. Thug sé an chéad chuairt ar Mhanannán.

“D’éirigh leat,” arsa Manannán. Láimhsigh sí an mac agus dubhairt sí le Cian go raibh adhbhar an-fhir ann is fearr a sheas ar thalamh na hÉireann ariamh.

“Fág an naoidheanán annseo agam-sa” adeir Manannán leis, “agus tabhair suas an bhó don Gaibhlean Gabha. Nuair a fheicfeas sé an bhuarach agus an galún agat beidh sé dá n-iarraidh ort, ach ná tabhair dó iad nó go ngeallaidh sé duit go dtiubhraidh sé duit an caim-iarann dearg as lom-béal teannchair an chóire (áit na teineadh) duit féin, do do mhac nó do mac do mhic ina dhiaidh cé bí agaí a iarras é, agus tara air t-ais agam-sa tusa.”

Rinne an Gabhlean Gabha an gealltanais agus fuair sé an bhuarach agus an galún. Tháinig Cian ar ais ag Manannán. “Níl aon mhaith in do ghótha anois” arsa Manannán. “Caithfidh tú dhul ar t-ais aríst nó go bhfágá an páiste seo trí lucht ón máthair. Tá an Balor Béamannach ag cur choille anois. Níl aon rud ag teastáil uaidh níos mó ná garradóir. Abair leis gur iongantach an fear coille thú. Seo sgian duit agus bain ruainne den rúta de chuile chrann a chuirfeas tú agus beidh siad sé troighthe ar aoirde ar maidin.” Gabh sé chomh fada leis an mBalor Béamannach agus dubhairt sé gur fear coille iongantach a bhí ann ach nach bhféadfadh sé aon mhargadh a dhéanamh leis go bhfeicfeadh sé a chuid oibre.

Chuir sé crann nó dhó agus ar maidin lá ar n-a mhárach bhíodar sé troighthe ar aoirde. “Rud ar bith atá ag teastáil uait” arsan Balor Béamannach, “tá sé le fagháil agat. Tá mé ag dul ar fud an tsaoghail ag iarraidh bainne cíche maighdine do mo mhac. “Ó” arsa Balor Béamannach, “sin rud nach bhféadfaidh tú a fhágháil. Ní raibh bainne cíche ag maighdin ariamh.”

“Ní miste liom, beidh mé ag siubhal go bhfágaidh mé é. Smaoinigh an Rí air féin agus dubhairt sé go ngabhfad sé chomh fada leis an inghin ag súil is go dtóigfeadh sí an páiste. “Ó a a athair” ar sise, “tá do sháith déanta agat orm-sa mé bheith annseo in-uaigneas liom féin faoi ghlas.” D’innis sé dí an obair iongantach a rinne an garradóir. “Ní maith liom sgaramhaint leis ach caithfidh mé a dhéanamh shul má chuiridh mé fearg ort-sa.”

“Cá bhfághainn-sa bainne cíche? ach tabhair annseo é agus cuirfidh mé ar mo chích é, agus sé mo nádúir go dtiocfaidh bainne dom, agus bhí bainne aice agus ní gan adhbhar é. Tugadh an páiste aice agus chuaigh an garradóir ag cur na coille. Bhí an fainne i gcomhnaidhe leis agus thagadh sé ar cuairt aca go minic. Bhí an choill trí bliana ar bun. Nuair a bhí na trí lucht bainne ag an bpáiste d’fhága sé slán agus beannacht aca agus tháinig sé ar ais go hÉirinn le n-a mhac. Tháinig sé ag Manannán. Láimhsigh Manannán é agus dubhairt sé gurbh é adhbhar an fhir is fearr a sheas ar talamh na hÉireann ariamh é.

“Ach caithfidh tú dhul ar ais aríst”, arsa Manannán, agus an páiste seo a fhágáil baiste ó bhéal a athar mhóir.” “Ó is truagh gur rugadh ariamh mé” arsa Cian mac Airt.

30

“Níl tú ach ina thúis” arsa Manannán. “Tá fhios agat cén bealach a dtéidheann Balor Béamannach ag siubhal gach maidin. Tabhair leat an páiste, croch ar ghéagán crainn é agus cé bhí rud a déanfas a athair mór leis, baist thusa as an gcainnt sin é. Sgiob leat é agus má éirigheann leat bí ar bord loinge shul má fheiceann sé thú leis an súil nimhe atá ar chúl a chinn. Tá ceangal agus cúig ceangal uirthi mar rud ar bith a fheiceas sé léithe tá sé leaghaithe. An t-ainm a bhí ar an soitheach Sguab na Teinne agus soitheach deas atá innte agus leagfaidh sé mar leagfadh an ceo. Thug sé an páiste leis. Chroch sé ar dhá ghéagán crainn é, géagán in gach aon láimh leis, agus nuair a d’fhosgail a athair mór an doras chonnaic sé an páiste crochta ar an crann. Cén sórt lú ló láimhineach é sin thall? É sin thall” ar seisean.

31

Sgiob Cian an páiste agus dubhairt sé go mairidh tú t-ainm is do shloinneadh a Luigh Láimhfhada mac Céin. “Ní féidir” arsa Balor “go bhfuil mac ag m’inghin. Tá sé annseo agus bain a shásamh de”, arsa Cian. Rith sé ar an soitheach. Bhí se ar bord sul dá raibh an tsiúl sgaoilte ag a athair mór. Níor eirigh faic dóibh nó gur thainig siad ar ais slán sábhailte go hÉirinn. “Anois” arsa Manannán le Cian mac Airt. “Tá an Gaibhlean Gabha ag dul ag déanamh airm suas go dtiocfaidh sé go hÉirinn. Fág an páiste annseo thusa agus imthigh ar tuairisg Clanna Lire, iarr a gcongnamh agus a gcuidiú. Is fearr leobh a dhul a chongnamh do Balor Béamannach mar cuireadh díbert ortha as Éirinn cheana is cé bí taobh a mbeadh an triúr air is aca a bhéas an buadh.”

32

Fágfamuid anois é ar thuairisg Chlanna Lire. Chuaidh sé ar thuairisg Clann Lire. Bhí an Balor Béamannach ag déanamh airm suas le teacht go hÉirinn. Thóg sé seacht mbliana leis an airm a dhéanamh suas. Bhí na hÉireannacha ar an gcuma céadna ag déanamh airm suas. Nuair a tháinig Balor Béamannach go hÉirinn, chuir Manannán coil ag fás le draoidheacht nár fhéad sé a dhul trithe nó go ngabhfaidh sé ar ais leis an gcoill a ghearradh. Bhí se ag déanam díreach ar an áit a raibh an Gabhlean Gabha le n-a mharbhú shul dá ndéanfaidh sé an ráipéar a bhí leis féin a mharbhú. Ins an áit seo a bhí na cruidhte sgeithte ag na caiple agus ní raibh aon cheardcha le fágáilt. Tháinig Manannán ag an nGabhlean Gabha agus chuireadar céardcha draoidheachta ina seasamh. Bhí áthas ortha nuair a chonnaic siad an cheardcha ach go dtóigfeadh sé an-aimsir é cruidhte a chuir ar na caiple.

33

Badh é Manannán a bhí insa gceardcha in áit an Gabhlean Gabha. Dubhairt sé leob nach mbeadh sé mórán achair ag cur na gcruidhte suas. Bhí sean-ghearrán bán aige ceangailte i n-íochtar na céardchan. Rug sé ar an tuagh is bhain sé na ceithre cosa de’n gearrán. Sháith sé isteach sa teine iad. Shéid sé na builg agus bhí crú breagh nua ar gach aon chois aca. Caith sé suas i n-íochtar na céardchan iad agus gach aon chois aca ina háit féin.

Déanaidhidh an cleas céadna,” arsa Manannán le muintir Balor. Tá tuagh annsin thuas i n-aghaidh gach fear agaibh. Gearraidh sé cosa dá chapall féin, cuireadh sé faoi n-a asgaill iad nó go dtiubhraidh sé annseo agam-sa iad. An bhfuil siad gearrtha de na caiple uilig anois?” ar seisean.

“Tá” ar siad-san.

34

“Gabhfadh mé amach go bfeicidh mé ar seisean.” Tharraing sé amach fáinne, bhreathnuigh sé tríd. Ní raibh ceardcha ná builg ina fheiceál ach cnocán glas a bí lán d’fhuil na gcaiple. Chuir sé an t-arm capall de dhíth. B’éigin do na Tuircéisí a dhul ar ais aríst go ndéanfadh siad suas arm eile capall. Thóg sé seacht mbliana iad shul dá raibh an darna arm capall déanta suas aca. Feadh na haimsire seo bhí Cian mac Airt ar tuairisg Chlanna Lire – agus nuair a fuair sé iad bhíodar le n-a mharbhú chomh luath is thioctadh siad suas leis. Bhí draoidheacht agus easarlaoideacht aca. Chomh luath agus d’iarr siad a gcongnamh agus a gcuidiú b’éigin dó baint as. Leanadar é agus níl rud ar bith a dhéanadh sé dó féin le breathnú tríd an bhfáinne a bhí aige nach dhéanfadh siad-san an cleas céadna ón eascoin go dtí an oilpéist. Bhíodh sé tamall ina éan sa spéir, tamall ina phéisteoig sa talamh.

35

Ach ní fhéadfadh sé é féin a athru fhad is a bhéadh súil air. Bhí sé ar an gcuma sin go dtáinig sé ar ghleann mór a bhí líonta le muca dubha. Rinne sé muc dubh de féin agus chuaidh sé imeasc na muc. An fear a bhí ag faire bhí súil aige ar na muca. Nuair a bhí an gleann cuartuighthe acu dubhradar nach raibh sé san ngleann. Dubhairt an fear a bhí ag faire go raibh is go mb’fhéidir do a bheith imeasc na muc. Thosuigh siad ag marbhú na muc nó go dtáinigheadar suas le Cian mac Airt. D’iarr sé d’achainn orthú cead a thabhairt dó féin fear a dhéanamh de féin agus gan é a mharbhú ina mhuc. Dubhradar nach dtiubhradh agus mharbhuigheadar ina mhuc é agus chuireadar san ngleann é, agus deir siad gur minic a tá muc dhubh le feiceál sa ngleann seo agus sin é Cian mac Airt a tá sa muic sin.

36

Tosóchamuid anois ar Lugh Láimh Fhada mic Céin. Nuair a tháinig na Tuircéiseacha an tríomhadh huair go hÉirinn dubhairt Manannán le Lugh Láimh Fhada mhic Céin a dhul chomh fada leis an nGabhlean Gabha agus an rud a gheall an Gaibhlean Gabha dá athair a fhágháil uaidh, sé sin an cam-iarrann dearg. Fuair sé an cam-iarrann dearg. Bhí go leor marbh ar gach taobh san am seo. Gabh sé amach ar tuairisg a athar mór nó go bhfuair sé amach é imeasc an airm. Chaith sé an cam-iarrann dearg leis. Chuir sé trí n-a chroidhe é. Chuir sé sin deire leis an mBalor Béamannach agus leis an gcath. Bhí an cath thart nuair a mharbhuigheadar an Rí. Rug Manannán agus Lugh láimh fhada mic Céim ar thriúr cloinne clan Lire.

37

D’fhiafrugh siad díobh céard a rinne siad le Cian mac Airt. D’innis siad dóibh.

“Dá dtiubhradh sibh céard dó fear a dhéanamh de féin ní chuirfeadh muidé níos mó trioblóid uirthaí ach caithfidh sibh imtheacht anois agus a dhul ar tuairisg craiceann na muice Buaidh a chuir air lonnus go n’éireochaidh sé ina shláinte arís” arsa Manannán leobh. D’imthigh siad agus níor fhill siad go fóill agus tá Cian ag fanacht leobh ina mhuic dhubh sa ngleann. Beannacht Dé le Seán, fear innseacht an sgéil nuair a gheibhfidh sé bás Améin. 1929 Críoch.

Philip mac Thuathaláin,

Baile Dhoire Gimleach a dinnis an sgéal seo do Sheán mac Confhaola leath-chéad bliain ó shoin.